



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta
2006*

Stampa an Ionaid

Gaeilge Ardleibhéal

Triail Chluastuisceana

100 MARC

Déardaoin, 8 Meitheamh
Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10

<i>Don Scrúdaitheoir</i>					
CUID A		CUID B		CUID C	
Ceist	Marc	Ceist	Marc	Ceist	Marc
1		1		1	
2		2		2	
3		3		3	
lom.		lom.		lom.	

<i>Na hIomláin</i>	
A	
B	
C	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'iarrthóirí

*Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo
a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.*

Cuid A

Cloisfidh tú *trí cinn* d'fhógraí raidió sa chuid seo.

Cloisfidh tú gach fógra díobh FAOI DHÓ. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta *agus* tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cén fhéile a bheidh ag tosú ar an 20ú lá de Mhárta?

(b) Cén áit a mbeidh an Fhéile ar siúl?

2. Cé a osclóidh an Fhéile?

3. (a) Cad a bheidh á léiriú le linn na Féile?

(b) Cá bhfuil eolas faoin bhFéile le fáil?

FÓGRA A DÓ

1. Cad a bheidh ag tosú ar RTÉ/Raidió na Gaeltachta ar an 8ú lá de Bhealtaine?

2. (a) Cé dó na cláir nua seo?

(b) Cén teideal (t-ainm) a bheidh ar an tsraith nua clár?

3. (a) Cad a bheidh ar siúl ar an tseirbhís seo den chéad uair?

(b) Cén moladh atá á lorg ag RTÉ/Raidió na Gaeltachta don chéad chlár seo?

FÓGRA A TRÍ

1. Cé mhéad folúntas atá le líonadh?

2. Luaigh **dhá** rud a bheidh mar chúram ar na daoine a gheobhaidh na postanna.

(i) _____

(ii) _____

3. (a) Luaigh cáilíocht **amháin** nár mhór a bheith ag na hiarrthóirí.

(b) Cá bhfuil eolas le fáil faoin bpost?

Cuid B

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh TRÍ hUAIRE.

Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina *dhá mhír* é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén t-ainm atá ar an eagraíocht a bhunaigh Adi Roche?

2. Cén chaoi nach bhfuair Adi a ceart oíche na nOscars in Hollywood?

3. Cad a cheap na léirmheastóirí den scannán seo, dar le Síle?

An Dara Mír

1. Cá fhad atá Adi Roche ag obair do pháisti Chernobyl, dar le Síle?

2. (a) Cad faoi a gcuireann Bob Geldof agus Bono náire ar cheannairí na dtíortha saibhre?

(b) Cén fáth nach maith le Peadar Geldof agus Bono?

Cuid B ar leanúint

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cén tuairim atá ag Breandán faoi na fóin nua 3G?

2. Cén rud faoi na fóin seo a chuireann alltacht ar Róisín?

3. (a) Cá bhfaighidh Breandán airgead le fón 3G a cheannach?

(b) Cén fáth nach mbeidh cent ina phóca ag Breandán, dar le Síle?

An Dara Mír

1. Cén tseirbhís a n-íocfaidh Breandán go daor aisti, dar le Róisín?

2. Cén **dá** bhuntáiste iontacha a luann Breandán le fón 3G?

(a) _____

(b) _____

3. Cén locht beag amháin a fhaigheann Breandán ar Róisín?

Cuid B ar leanúint

COMHRÁ A TRÍ

An Chéad Mhír

1. (a) Cén saghas clár teilifíse atá i gceist ag Brian agus ag Máire?

(b) Cén fáth ar stad Máire de bheith ag féachaint ar an gclár sin ar TG4?

2. Cén moladh atá ag Brian do Mháire chun an clár sin a leanúint?

An Dara Mír

1. Cad a deir Brian faoi na scéalta i Ros na Rún?

2. Cén fáth nach mbíonn am ag Máire féachaint ar an teilifís chomh luath sin tráthnóna?

3. Cén t-am a gcríochnaíonn Brian a chuid staidéir gach oíche?

Cuid C

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.

Cloisfidh tú gach píosa díobh FAOI DHÓ. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta *agus* tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cá raibh an scéal faoin gcartún seo i gcló?

2. (a) Cad leis a mbaineann scéal an chartúin?

(b) Cén rud a luaitear faoin lucht féachana atá ag an gcartún ar TG4?

PÍOSA A DÓ

1. Cá bhfuil an tAthair Micheál ina shagart paróiste?

2. Cén gradam a bronnadh air?

3. (a) Cár bronnadh an gradam air?

(b) Cad a bhunaigh an tAthair Micheál do na seandaoine?

PÍOSA A TRÍ

1. Cén áit arb as don bheirt seo?

2. Cén obair a bhí ar siúl ag an Athair Fionnbarra san India?

3. Cén post atá ag Dónall in Éirinn?
